# Eolas ar Shocrúchán Oibre

## Sláinte agus Sábháilteacht in ITBÁC

# Comhairle do Mhic Léinn atá ag dul ar Shocrúchán Oibre*

*Baineann sé seo le gach mac léinn atá ag tabhairt faoi shocrúchán oibre (Erasmus san áireamh).

### Réamhshocrúchán –Cad atá de dhíth?

- IONDUCHTÚ RÉAMHSHOCRÚCHÁIN & OILIÚINT SÁBHÁILTEACHTA
- MIONSONRAÍ SHOLÁTHRAÍ AN tSOCRÚCHÁIN OIBRE
- MIONSONRAÍ MHEANTÓIR ITBÁC
- MIONSONRAÍ TEAGMHÁLA I gCÁS ÉIGEANDÁLA

### Ar Shocrúchán Duit – Dualgais agus Freagrachtaí

- Déan cúram do do shábháilteacht féin agus do shábháilteacht daoine eile.
- Comhoibrigh le soláthraí an tsocrúcháin oibre maidir le sláinte agus sábháilteacht & lean na ceanglais sábháilteachta a bhaineann go sonrach leis an láthair nuair is cuí.
- Úsáid Éadach agus Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE).
- Tuairiscigh guaiseanna agus fabhtanna chuig an maoirseoir. m.sh. nithe is cosúil atá dainséarach/lochtach.
- Freastal ar oiliúint má éascaítear sin agus cuir an oiliúint sin i bhfeidhm.
- Tuairiscigh gach teagmhas chuig maoirseoir an tsocrúcháin oibre.
- Déan teagmháil le do Mheantóir Ainmnithe in ITBÁC.
- Ná bain úsáid ach as trealamh agus ábhar a bhfuil traenáil agus cead faighte agat é a úsáid.
- Ná bí ag pleidhcíocht ná i mbun gnímh/iompair míshábháilte.
- Cuir in iúl do mheantóir ITBÁC má tá tú ag iompar clainne.

### Bí ag faire ar:

- Eolas sábháilteachta, comharthaí, litríocht srl.
- Ráiteas Sábháilteachta
- Measúnuithe Riosca
- Béalaí éalaithe éigeandála, pointí tionóil agus nósanna imeachta aslonnaithe.
- Áiseanna agus socruithe garchabhrach

**NA DUALGAIS IS NA FREAGRACHTAÍ ATÁ ORAIBHSE MAR MHIC LÉINN**

**Gach 3 ½ nóiméad, maraítear duine san AE de bharr timpiste ar an láthair oibre. Tá 50% níos mó baol ann go mbainfeadh timpiste ar an láthair oibre le hoibrithe óga (18-24) ná oibrithe eile.**

**NÁ BÍ AR DHUINE ACU SIN!**

Sonraí Teagmhála @ITBÁC
Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ITBÁC___________________
Meantóir ITBÁC____________________________________________

Oifigeach Sláinte Ceirde ITBÁC